



# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2018

### STAIR – GNÁTHLEIBHÉAL

#### RÉIMSE STAIDÉIR: AN NUA-AOIS DHÉANACH, 1815-1993

Scrúdú scríofa: 400 marc

An Tuarascáil ar an Staidéar Taighde a seoladh isteach roimh ré: 100 marc

#### DÉ CÉADAOIN, 13 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA, 2.00-4.50

##### *Treoracha d'iarrthóirí:*

Freagair Ranna 1, 2 agus 3 istigh.

- **Roinn 1 (100 marc)**

Ceist dhoiciméad-bhunaithe

Éire: Topaic 6.

Freagair gach cuid den roinn seo.

- **Roinn 2 (100 marc)**

Éire: Topaicí 1, 2, 3, 4, 5.

Freagair ar thopaic amháin as an roinn seo.

- **Roinn 3 (200 marc)**

An Eoraip agus an domhan mór: Topaicí 1, 2, 3, 4, 5, 6.

Freagair ar dhá thopaic as an roinn seo.

## ROINN 1: CEIST DHOICIMÉAD-BHUNAITHE

*Éire: Topaic 6*

**An rialtas, an gilleagar agus an tsochaí i bPoblacht na hÉireann, 1949-1989**

Cás-staidéar lena mbaineann na doiciméid:

***Tionchar RTÉ, 1962-1972***

Déan staidéar ar na doiciméid thall agus freagair na ceistanna thíos:

1.
  - (a) De réir dhoiciméad A, cad a rinne daoine nuair a tháinig RTÉ ar an bhfód?
  - (b) I ndoiciméad A, cad a tharla don raidió nuair a tháinig an teilifís isteach?
  - (c) Cad a insíonn doiciméad B dúinn faoi na chéad chineálacha teilifíseáin?
  - (d) I ndoiciméad B, cad a tháinig in áit ‘ár gcuid cainte agus ... ár gcuid cluichí’?
  - (e) Seachas cláir faoi bhuachaillí bó, ainmnigh clár amháin eile a taispeánadh, de réir na ndoiciméad.

(40)
  
2.
  - (a) Cén tsraith teilifíse faoi bhuachaillí bó atá luaite sa dá dhoiciméad?
  - (b) An bhfuair údair an dá dhoiciméad a gcéad radharc ar an teilifís i ndálaí comhchosúla? Tabhair fáthanna le do fhreagra, agus tagairt agat don dá dhoiciméad.

(20)
  
3.
  - (a) Conas a thugann doiciméad A le tuiscint go raibh na teilifíseáin an-ghann i dtús báire?
  - (b) Conas a léiríonn doiciméad B go raibh an-tóir ag na páistí ar an teilifís?

(20)
  
4. Cad a chuir RTÉ le sochaí na hÉireann le linn na tréimhse 1962-1972?

(20)

## - Doiciméad A -

**Sa sliocht coimrithe seo tugann an scríbhneoir Gene Kerrigan chun cuimhne an tionchar a bhí ag RTÉ ar shaol páiste sa Chabrach Thiar, Baile Átha Cliath.**

Ní raibh teilifíseán ag aon duine ar an mbóthar seo againne go ceann i bhfad, ach bhí ceann ag comharsana béal dorais m'Uncail Learaí agus thugaidís cuireadh isteach dúinn. Bhailimis le chéile os comhair an teilifíseáin, dáréag nó mar sin de pháistí an cheantair, na cuirtíní tarraingthe.

Nuair a tháinig Telefís Éireann ar an saol, chuaigh daoine amach faoi dheifir chun teilifíseán a cheannach nó a fháil ar cíós. Fuair m'Uncail Learaí ceann agus, tráthnóna Sathairn, théimis ar cuairt chuige agus bhímis ag féachaint ar an gclár buachaillí bó *The Restless Gun* agus ar an gclár tráth na gceist *Jackpot*.

Nuair a fuaireamar teilifíseán faoi dheireadh níor éisteadh leis an raidió ach amháin i rith an lae. Leanamar eachtraí Kit Carson agus an Cisco Kid i Meiriceá na mbuachaillí bó agus claimhteoireacht Zorro; níos faide anonn bhímis ag féachaint ar an dráma buachaillí bó *The Virginian*.

Ón gclár *The Virginian* agus a leithéidí, i bplotaí a bhíodh á n-athchúrsáil de shíor, fuaireamar blaiseadh beag caolaithe de scéalta agus de théamaí móra na litríochta.

Foinse: Gene Kerrigan, *Another Country: Growing up in '50s Ireland* (Baile Átha Cliath: Gill and Macmillan, 1998).

## - Doiciméad B -

**Thart ar an am céanna bhí an scríbhneoir Seán Dunne ag fás suas i bPáirc Eoin, Port Láirge. Sa sliocht coimrithe seo tugann seisean, freisin, laethanta tosaigh RTÉ chun cuimhne.**

Nuair a bhí mé ocht mbliana d'aois, d'fhéach mé ar an teilifís den chéad uair i dteach comharsan. Is beag teilifíseán a bhí i bPáirc Eoin. Is cinn dhubha agus bhána a bhí iontu ar fad. Sraith faoi bhuaichaillí bó ina raibh an Cisco Kid mar phríomhcharachtar an chéad chlár a chonaic mé. Bhrúmar isteach sa seomra suí, agus cheapfá go raibh leath de pháistí Pháirc Eoin campáilte ann agus d'fhéachamar ar na híomhánna dubha agus bána ag preabadh.

Ghlac na pearsana teilifíse ceannas ar ár gcuid cainte agus ar ár gcluichí. Bhí *The Fugitive* ann, fear a bhíodh ag iarraidh éalú ó phóilín, seachtain i ndiaidh seachtaine, agus an póilín ag iarraidh é a ghabháil mar gheall ar choir nach ndearna sé. Rinneadh cuid dár miotaseolaíocht de na carachtair seo, cuid dár n-eispéireas, mórán ar aon dul le Cú Chulainn nó Oisín, nó aon cheann eile de na laochra ar fhoghlaímíomar fúthu ar scoil.

Foinse: Seán Dunne, *In my Father's House* (Baile Átha Cliath: Gallery Press, 1991).

## ROINN 2: ÉIRE

Freagair na trí rannóg, A, B agus C, as ceann amháin de na topaicí thíos.

*Éire: Topaic 1*

### Éire agus an tAontas, 1815-1870

A (30 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Tagraítear sa sliocht coimrithe seo d'fhothoghchán an Chláir, 1828. Léigh é agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

*Socraíodh go rachadh Dónall Ó Conaill san iomaíocht san fhothoghchán i gContae an Chláir in aghaidh Vesey Fitzgerald, tiarna talún a raibh gearan air.*

*Ainmníodh Ó Conaill mar 'fhear an phobail'. Thug na cainteoirí ba mhó le rá i gCompántas na gCaitliceach aghaidh ar Chontae an Chláir. D'fhreastail na mílte ar chruinnithe toghcháin Uí Chonaill.*

*Chruthaigh na bannaí, na rincí agus na tinte cnámh atmaisféar spleodrach ach, ina ainneoin sin, réachtáladh na cruinnithe go stuama staidéartha.*

*Bua cinntitheach a bhí ann: 2,057 ag Ó Conaill, 982 ag Fitzgerald.*

Foinse: Donal McCartney, *The Dawning of Democracy: Ireland 1800-1870* (Baile Átha Cliath: Helicon, 1987).

1. Cén contae ina raibh an fothoghchán?
2. Cé a bhí ag seasamh in aghaidh Uí Chonaill?
3. Cé a thug aghaidh ar Chontae an Chláir?
4. Conas a léirítear an 't-atmaisféar spleodrach'?
5. Go hachomair, conas a d'éirigh le hÓ Conaill Fuascailt na gCaitliceach a bhaint amach?

B (30 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Scríobh alt gearr ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Tuath na hÉireann in 1815.
2. Tomás Dáibhéis.
3. William Carleton.
4. Forbairt thionsclaíoch i mBéal Feirste.

C (40 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad*

Freagair ceann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Conas a d'fhreagair carthanais phríobháideacha don Ghorta Mór, 1845-1849?
2. Conas a chuir William Dargan le sochaí na hÉireann?
3. Cad iad na bealaí ina ndearna Sionad Dhurlais (1850) iarracht an Eaglais Chaitliceach a dhéanamh níos nua-aoisí?
4. Cad a chuir Charles Kickham agus/nó James Stephens leis an bhFíníneachas?

**Gluaiseachtaí ar son leasú polaitíochta agus sóisialta, 1870-1914**

A (30 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

De réir tuairisce sa nuachtán *The King's County Chronicle* (29/3/1888), bhí 4,000 duine i láthair ag cluiche iománaíochta agus rinneadh gearán faoi mhí-iompar roinnt de na himreoirí i séipéal scaitheamh i ndiaidh an chluiche. Léigh an sliocht coimrithe seo agus freagair na ceistanna ina dhiaidh.

*Chuaigh cuid de na hiománaithe isteach i Séipéal Naomh Breandán san oíche fad a bhí taispeántas ceoil ar an orgán á thabhairt ag an Uasal Sykes.*

*Bhí a laghad urraime acu do Theach Dé go ndeachaigh siad isteach ann agus a gcuid hataí á gcaitheamh acu.*

*Bhí a n-iompar chomh heasurrámach sin gur dhíbir an Dr Myles go pearsanta iad féin agus a gcamáin scanrúla a raibh bandaí iarainn timpeall orthu.*

Foinse: Luaite in Paul Rouse, *Sport and Ireland: A History* (OUP, 2015).

1. Cén rud ar chuir na himreoirí isteach air?
2. Conas a léirigh na hiománaithe easurraim, de réir an tsleachta?
3. Cad a rinne an Dr Myles?
4. I bhfianaise an tsleachta, cén fáth a gceapann tú gur measadh na camáin a bheith scanrúil?
5. Go hachomair, cén pháirt a ghlac Micheál Cíosóg nó an tArdeaspag Croke i gCumann Lúthchleas Gael?

B (30 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Scríobh alt gearr ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Michael Davitt.
2. Leasuithe oideachais: scoileanna agus ollscoileanna.
3. Longchlóis Bhéal Feirste.
4. Edward Carson.

C (40 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad*

Freagair ceann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Cad iad na bealaí inar chuir Charles Stewart Parnell cúis an Rialtais Dhúchais d'Éirinn chun cinn?
2. Conas a lorg Isabella Tod agus/nó Hanna Sheehy-Skeffington leasuithe do mhná?
3. Cad a tharla i mBaile Átha Cliath i mí Lúnasa 1913 agus conas a chuaigh sé i gcion ar chúrsaí sa chathair?
4. Cad iad na bealaí inar chuir W.B. Yeats agus/nó Dubhghlas de hÍde le saol cultúrtha na hÉireann?

Éire: Topaic 3

Ar thóir an fhlaithis agus tionchar na críochdheighilte, 1912-1949

A (30 marc)

An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad

Taispeántar torthaí olltoghchán 1948 sa chairt thíos. Léigh í agus freagair na ceisteanna ina diaidh.

**TORTHAÍ OLLTOGHCHÁN 1948**

PÁIRTÍ	CEANNAIRE	SUÍOCHÁIN BUAITE	ROIMH THOGHCHÁN
Fianna Fáil	Éamon de Valera	69	77
Fine Gael	Richard Mulcahy	31	28
Lucht Oibre	William Norton	14	8
Clann na Poblachta	Seán McBride	10	2
Clann na Talmhan	Joseph Blowick	7	9
Lucht Oibre Náisiúnta	James Everett	5	4
Leasú Airgeadaíochta	Oliver J. Flanagan	1	0
Neamhspleáigh	n/b	11	10

1. Cén páirtí a raibh Richard Mulcahy ina cheannaire air?
2. Cé a bhí ina cheannaire ar an Lucht Oibre Náisiúnta?
3. Cén dá pháirtí a chaill suíocháin sa toghchán seo?
4. Ar fhág an toghchán seo go raibh níos mó nó níos lú suíochán ag na Neamhspleáigh?
5. Cén rialtas a tháinig i gcumhacht mar thoradh ar an toghchán seo:  
Rialtas Fhianna Fáil; Rialtas Fhine Gael agus an Lucht Oibre; Comhrialtas Idirpháirtíoch?

B (30 marc)

An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad

Scríobh alt gearr ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Arthur Griffith.
2. Cogadh na Saoirse, 1919-1921.
3. Tionchar éigeandáil eacnamaíochta an domhain ar Éirinn tar éis 1929.
4. Richard Dawson Bates.

C (40 marc)

An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad

Freagair ceann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Cad a chuir Pádraic Mac Piarais agus/nó an Chuntaois Markievicz le hÉirí Amach na Cásca, 1916?
2. Cad a bhain Liam T. Mac Cosgair amach mar cheannaire rialtais idir 1923 agus 1932?
3. Conas a stiúir Éamon de Valera an caidreamh Angla-Éireannach idir 1932 agus 1945?
4. Conas a d'fhreagair rialtas an Tuaiscirt agus muintir Bhéal Feirste don Dara Cogadh Domhanda?

*Éire: Topaic 4*  
**Diaspóra na hÉireann, 1840-1966**

A (30 marc)  
*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Tógadh an sliocht coimrithe seo as dialann Harry Boland a bhí in éineacht le de Valera i Meiriceá. Luaitear ann forbairtí i mí Dheireadh Fómhair, 1920. Léigh é agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

*D'fhágamar Nua-Eabhrac chun dul go Philadelphia. Bhuail na mílte linn. Tugadh tionlacan 300 gluaisteán dúinn, iad ar fad maisithe. Chuir ionadaí an Mhéara fáilte roimh Dev thar ceann na cathrach. Féasta sa tráthnóna.*

*Paráid chuig an Áras Ceoldrámaíochta an tráthnóna ina dhiaidh sin. Cuireadh fáilte mhór romhainn agus bhí an mórshiúl dhá mhíle ar fhad. An halla lán agus 30,000 eile taobh amuigh. Chuir Philadelphia slán croíúil linn.*

Foinse: Luaite in Jim Maher, *Harry Boland: A Biography* (Baile Átha Cliath: Irish Amer Book Co., 1999).

1. Cén áit as ar fhág ionadaithe na hÉireann chun dul go Philadelphia?
2. Cén tionlacan a tugadh dóibh in Philadelphia?
3. Cé a chuir fáilte rompu go dtí an chathair?
4. Conas a léiríodh ómós dóibh an tráthnóna ina dhiaidh sin?
5. Go hachomair, cad a bhain de Valera amach lena thuras go Meiriceá (Meitheamh 1919-Nollaig 1920)?

B (30 marc)  
*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Scríobh alt gearr ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Cumann Lúthchleas Gael (CLG) agus diaspóra na hÉireann.
2. An tArdeaspag Daniel Mannix.
3. Misean Ord an Spioraid Naoimh go dtí an Nigéir, 1945-1966.
4. John F. Kennedy.

C (40 marc)  
*An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad*

Freagair ceann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Cén tábhacht a bhain le Grosse Isle i stair na h-eisimirce ó hÉirinn?
2. Cad a rinne John Devoy le poblachtachas a chur chun cinn i measc na nGael-Mheiriceánach?
3. Cén taithí a bhí ag Domhnall Mac Amhlaigh mar inimirceach Éireannach sa Bhreatain?
4. Cad iad na bealaí inar léirigh Maureen O'Hara agus /nó Paul O'Dwyer eispéireas na nGael-Mheiriceánach?

*Éire: Topaic 5*

**An pholaitíocht agus an tsochaí i dTuaisceart Éireann, 1949-1993**

A (30 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Sa sliocht coimrithe seo pléitear imeachtaí i nDoire i mí Lúnasa, 1969. Léigh é agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

*Ar an 12 Lúnasa 1969, bhris círéibeacha an-dona amach ar imeall cheantar Thaobh an Bhogaigh i ndiaidh do Phrintísigh Dhoire máirseáil tríd an gcathair. Lean na círéibeacha ar aghaidh ar feadh trí lá agus tugadh ‘Cath Thaobh an Bhogaigh’ orthu ina dhiaidh sin.*

*Thosaigh an scliúchas ag 3pm nuair a bhí na Printísigh ag dul trí Phlás Waterloo i lár na cathrach. Thosaigh buíonta naimhdeacha Caitliceach agus Protastúnach ag fógairt ar a chéile. Ansin caitheadh clocha agus buidéal.*

*De réir tuairisce san Irish News: ‘Cuireadh fios ar chanóin uisce de chuid na bpóilíní ach níor éirigh leis na sluaite a scaipeadh. Baineadh feidhm as, áfach, chun tinte a mhúchadh in dhá shiopa i Sráid Liam’.*

Foinse: Gordon Gillespie, *Years of Darkness* (Baile Átha Cliath: Gill and Macmillan, 2008).

1. Cén áit agus cén uair a tharla an mháirseáil?
2. Cé a d’eagraigh an mháirseáil?
3. Cén trioblóid a tharla i bPlás Waterloo?
4. Cén damáiste a rinneadh i Sráid Liam?
5. Go hachomair, cad iad na haidhmeanna a bhí ag Printísigh Dhoire?

B (30 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Scríobh alt gearr ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Terence O’Neill.
2. An stát leasa i dTuaisceart Éireann.
3. Bernadette Devlin.
4. Forógra Shráid Downing, 1993.

C (40 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad*

Freagair ceann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Cén fáth ar roghnaíodh Cúil Raithin, seachas Doire, mar shuíomh d’ollscoil nua i dTuaisceart Éireann?
2. Cad iad na téarmaí a bhí i gComhaontú Sunningdale agus cén fáth ar tháinig deireadh leis?
3. Cad iad na slite inar léirigh Seamus Heaney na dálaí i dTuaisceart Éireann?
4. Cén tionchar a bhí ag John Hume agus/nó Gerry Adams ar chúrsaí i dTuaisceart Éireann?

### ROINN 3: AN EORAIP AGUS AN DOMHAN MÓR

Freagair na trí rannóg, A, B agus C, as dhá cheann de na topaicí thíos.

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 1*  
**An náisiúnachas agus foirmiú stát san Eoraip, 1815-1871**

A (30 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Sa sliocht coimrithe seo déantar cur síos ar na dálaí maireachtála ag muilte Robert Owen, New Lanark. Léigh é agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

*Tá thart ar 500 páiste fostaithe sna muilte cadáis i New Lanark. Cónaíonn siad ar an láthair agus beathaítear agus gléastar ar fad iad agus cuirtear oideachas orthu ansin.*

*Tá sé cinn d'árais fhairsinge ag na páistí. Codlaíonn siad ar leapacha iarainn, ar thuí a athraítear go rialta.*

*Bíonn seacht n-unsá mairteola úire an duine acu don dinnéar agus anraith eorna nó cúig unsá cáise, chomh maith le cion flúirseach prátaí agus aráin.*

*Coinnítear na buachaillí agus na cailíní scartha go maith ó chéile, ní hamháin le linn am scíthe, ach le linn am oibre freisin.*

Foinse: Luaite in Chris Hinton, *What is Evidence?* (Londain: John Murray Publishers, Ltd., 1990).

1. Cén obair a dhéantar i New Lanark?
2. Cén chóir chodlata a cuireadh ar fáil do na páistí?
3. Cén rogha bia atá ar fáil?
4. Cén uair a mbíonn buachaillí agus cailíní coinnithe scartha go maith óna chéile?
5. Go hachomair, cén fáth nár lean úinéirí monarchana eile sampla Robert Owen?

B (30 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Scríobh alt gearr ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Seirfeachas sa Rúis.
2. Teacht chun cinn an cheardchumannachais.
3. Karl Marx.
4. Otto von Bismarck.

C (40 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad*

Freagair ceann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Cad iad na príomhchúiseanna a bhí le Réabhlóid 1848 sa Ghearmáin?
2. Cad iad na hathruithe a chuir Haussmann i bhfeidhm i gcathair Pháras?
3. Cad iad na bealaí inar chuir Victor Hugo leis an saol cultúrtha sa Fhrainc?
4. Conas a thacaigh Giuseppe Mazzini leis an ngluaiseacht i dtreo aontú na hIodáile?

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 2*  
**Náisiúntáit agus teannas idirnáisiúnta, 1871-1920**

A (30 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Is sliocht coimrithe é seo as dialann Douglas Haig, Ardcheannasaí Fhórsaí na Breataine sa Fhrainc le linn an Chéad Chogaidh Dhomhanda. Scríobhadh é ar an 30 Meitheamh 1916, an lá roimh chath an Somme. Léigh é agus freagair na ceistanna ina dhiaidh.

*Le cúnamh Dé, táim dóchasach faoin lá amárach. Tá meanma ard sna fir: dúirt cuid acu nár tugadh an oiread treoracha agus eolais riamh cheana dóibh maidir leis an gcineál oibríochta a bhí amach rompu.*

*Níor gearradh an tsreang chomh maith sin riamh cheana, ná ní raibh ullmhú na ngunnaí móra chomh cuimsitheach sin riamh cheana. Bhuail mé go pearsanta le ceannasaithe na gcór go léir agus tá gach duine acu lán de mhuinín.*

Foinse: Luaite in Gary Sheffield, *Douglas Haig: from the Somme to Victory* (Londain: Aurum Press, 2016).

1. Conas a airíonn Douglas Haig maidir leis an lá dár gcionn?
2. Cén meon atá ag na fir?
3. An bhfuil na fir go hiomlán ar an eolas faoin méid atá rompu? Mínigh do fhreagra.
4. Dar le Haig, cén meon a léiríonn na ceannasaithe cór?
5. Go hachomair, cén toradh a bhí ar chath an Somme?

B (30 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Scríobh alt gearr ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

1. An Rúis Shárach.
2. Teannas idir Eaglais agus Stát sa Ghearmáin.
3. Woodrow Wilson agus an Eoraip.
4. Rosa Luxemburg.

C (40 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad*

Freagair ceann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Cén tionchar a bhí ag Bismarck ar chúrsaí na hEorpa idir 1871 agus 1890?
2. Cad iad na príomhfhorbairtí a tharla i gcás airgeadh agus luathstair an ghluaisteáin?
3. An sochar nó dochar don Ghearmáin agus don Eoraip a bhí i bpolasaí cabhlaigh Wilhelm II? Áitigh do chás.
4. Cad iad na cineálacha oibre a rinne mná le linn an Chéad Chogaidh Dhomhanda?

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 3*  
**Deachtóireacht agus daonlathas san Eoraip, 1920-1945**

A (30 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad.*

Fuair Fitzroy MacLean, taidhleoir ag ambasáid na Breataine i Moscó, cead a bheith i láthair ag Seóthrialacha Stailín. Tugtar cuid dá thuairimí faoina bhfaca sé sa sliocht coimrithe thíos. Léigh é agus freagair na ceistanna ina dhiaidh.

*A leithéid de liosta de chosantóirí a bhí ann: Bukharin, dlúthchara le Leinín; Rykov, a tháinig i gcomharba ar Leinín mar phríomh-aire; agus Yagoda, iar-aire rialtais.*

*Cuireadh neart coireanna i leith na bpríosúnach: tréas, dúnmharú, spaireacht, sabaitéireacht, agus fiú comhcheilg le Stailín a fheallmharú.*

*D'admhaigh siad go raibh siad ciontach, duine i ndiaidh a chéile. Ní dhearna siad aon iarracht freagracht a sheachaint. Ach fós féin, ní raibh aon chosúlacht idir an méid a dúirt siad agus an réaltacht.*

*An bunchuspóir a bhí taobh thiar de na cúisimh ar fad ná smál a chur ar chúl na bpríosúnach, iad a léiriú, ní mar chiontóirí polaitiúla ach, mar ghnáthchoirpigh ar nós dúnmharfóirí agus spairí.*

Foinse: Fitzroy MacLean, *Eastern Approaches* (Londain: Penguin Global, 1949).

1. Ainmnigh duine de na cosantóirí ag an triail seo.
2. Cén choir in aghaidh Stailín a cuireadh i leith na gcosantóirí?
3. Conas a phléadail na cosantóirí: ciontach nó neamhchiontach?
4. In áit a bheith léirithe mar chiontóirí polaitiúla, conas a léiríodh na cosantóirí?
5. Go hachomair, cén fáth ar chuir Stailín sraith seóthrialacha ar bun sna 1930idí?

B (30 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Scríobh alt gearr ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

1. J. M. Keynes.
2. Leni Riefenstahl.
3. Teicneolaíocht na cogaíochta.
4. An tUileloscadh.

C (40 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad*

Freagair ceann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Cén stádas a bhí ag an Eaglais Chaitliceach san Iodáil faoi Benito Mussolini?
2. Sa tréimhse 1933-1939, cad iad na hathruithe a chuir Hitler i gcrích sa Ghearmáin agus/nó san Eoraip?
3. Cad iad na bealaí inar léirigh Charlie Chaplin agus/nó Bing Crosby an cultúr coiteann Angla-Mheiriceánach?
4. Conas a rinne muintir Jarrow iarracht tabhairt faoi fhadhbanna an bhaile in 1936?

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 4*  
**Easaontas agus athailíniú san Eoraip, 1945-1992**

A (30 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Sa sliocht coimrithe seo, tuairiscíonn Noel Barber, comhfhreagraí le nuachtán an *Daily Mail* Londan, as Búdaipeist (26 Deireadh Fómhair, 1956) le linn Éirí Amach na hUngáire. Léigh é agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

*Bhí gach sráid scriosta agus mé ag déanamh mo bhealaigh isteach sa chathair. Is ar éigean a bhí aon stráice de na ráillí tram slán. Bhí na céadta slat de chlocha pábhála sractha as an talamh. Bhí na sráideanna brata le carranna dóite.*

*Ag coirnéal Ascaill Stailín, chuaigh dhá thanc ollmhóra T-54 de chuid na Rúise thar bráid, iad ag gluaiseacht go mall agus coirp á dtarraingt ina ndiaidh acu. Ba rabhadh é sin do gach Ungárach. Bhí cúpla corp sínte anseo agus ansiúd ar na sráideanna, ach ní an oiread acu agus a shíl mé a bheadh.*

Foinse: Noel Barber, Alt ó *Daily Mail* Londan, 26 Deireadh Fómhair, 1956.

1. Cad a tharla do na clocha pábhála?
2. Cad a bhí le feiceáil ag coirnéal Ascaill Stailín?
3. Cén fáth a raibh coirp á dtarraingt ina ndiaidh ag na tancanna?
4. An dtugann an tuairisc le tuiscint gur maraíodh mórán daoine? Tabhair míniú achomair ar do fhreagra.
5. Cén fáth ar thug an Rúis Shóivéadach céimeanna chun Éirí Amach na hUngáire a bhrú faoi chois?

B (30 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Scríobh alt gearr ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Cúnamh Marshall.
2. Sochaí na dtomhaltóirí.
3. Margaret Thatcher.
4. Na geilleagair chumannacha: fadhbanna agus torthaí.

C (40 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad*

Freagair ceann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Conas a chuaigh Géarchéim na hOla i 1973 i gcion ar gheilleagar agus ar shochaí na hEorpa go ceann na mblianta?
2. Conas a chuir Jean Monnet agus/nó Jacques Delors leis na gluaiseachtaí i dtreo aontacht na hEorpa?
3. Cén tionchar a bhí ag an Dara Comhairle Vatacánach ar an Eaglais Chaitliceach?
4. Cén fáth ar airigh na húdaráis Shóivéadacha gur scríbhneoir easaontach é Alexander Solzhenitsyn?

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 5*  
**Cúlú na hEorpa ó impireachtaí agus an toradh, 1945-1990**

A (30 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Sa sliocht coimrithe seo ón *Daily Mail* Londan (1 Samhain, 1956), tugtar dearcadh oifigiúil rialtas na Breataine maidir le tús oibríocht Suez. Léigh é agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

*Fógraíodh go hoifigiúil aréir gur chuir fórsaí na Breataine agus na Fraince tús ag 4.30pm inné le tuargaint ón aer agus ón bhfarráige dírithe ar spriocanna míleata san Éigipt.*

*Go luath maidin inniu, d'fhógair an Aimiréalacht gur chuir an cúrsóir Newfoundland frigéad de chuid na hÉigipte go tóin poill.*

*Ba í sin an dara long a chaill an tUachtarán Nasser. Níos luaithe, ghabh fórsaí Iosrael scriostóir de chuid na hÉigipte.*

*Le titim na hoíche, rinne scairdbhúamadóirí de chuid na Breataine ionsaithe comhdhírthe ar bhunáiteanna aerfhórsa de chuid na hÉigipte.*

Foinse: Nuachtán *Daily Mail* Londan, 1 Samhain, 1956.

1. Cén t-am ar thosaigh an tuargaint ar an Éigipt ón aer agus ón bhfarráige?
2. Cén fógra a rinne an Aimiréalacht?
3. Cé a bhí ina cheannaire ar an Éigipt ag an am?
4. Cad a bhain fórsaí Iosrael amach?
5. Conas a lagaigh Géarchéim Suez seasamh na Breataine sa domhan?

B (30 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Scríobh alt gearr ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Julius Nyerere agus polasaí ujamaa.
2. Dealú Katanga, 1960-1965.
3. Caidreamh idir ciníocha sa Fhrainc sna 1980idí.
4. Nadine Gordimer.

C (40 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad*

Freagair ceann **amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Cén fáth ar tharraing an Bhreatain as an India agus cén tionchar a bhí ag an aistarraingt seo ar an India?
2. Cén pháirt a ghlac David Ben-Gurion i ngnóthaí a thír?
3. Conas a chuaigh Charles de Gaulle i ngleic leis an éileamh ar neamhspleáchas san Ailgéir?
4. Cé chomh rathúil is a bhí Ho Chi Minh agus/nó Achmad Sukarno mar cheannaire polaitiúil?

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 6*  
**Na Stáit Aontaithe agus an domhan, 1945-1989**

A (30 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Sa sliocht coimrithe seo tráchtann David Ormsby-Gore, ambasadóir na Breataine in Washington, ar iompar an Uachtaráin Kennedy le linn Ghéarchéim na nDiúracán i gCúba. Léigh é agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

*Bhuail mé leis an Uachtarán ceithre huairé agus bhí roinnt comhráite agam leis ar an teileafón.*

*Cé go raibh cuma shuaimhneach air ar an dromchla, déanta na fírinne, bhí teannas an-mhór ann. Ach chuir sé cuma réchúiseach stuama air féin. Níor ardaigh sé a ghuth riamh.*

*Choinnigh sé é féin ar an eolas faoi gach gné den scéal – pé acu an raibh nó nach raibh aerfhórsa na Stát Aontaithe scaipthe i gceart ar fhaitíos go dtarlódh ionsaí gan choinne, agus ina theannta sin ... faoin modh díreach ceart ba chóir a úsáid chun longa Sóivéadacha a stopadh.*

Foinse: Luaite in Jonathan Colman, *The Cuban Missile Crisis* (Dún Éideann: Edinburgh University Press, 2016).

1. Cé chomh minic is a bhuail an tAmbasadóir Ormsby-Gore leis an Uachtarán?
2. Cén chuma a bhí ar an Uachtarán 'ar an dromchla'?
3. De réir an tsleachta, conas a bhí an tUachtarán 'déanta na fírinne'?
4. Tabhair sampla amháin de 'ghné den scéal' a thaispeánann gur coinníodh an tUachtarán go maith ar an eolas faoi chúrsaí.
5. Go hachomair, cén toradh a bhí ar Ghéarchéim na nDiúracán i gCúba?

B (30 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Scríobh alt gearr ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Joe McCarthy.
2. Marilyn Monroe.
3. An tuirlingt ar an nGealach i 1969.
4. Fadhbanna a bhí ag geilleagar na Stát Aontaithe, 1968-1989.

C (40 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad*

Freagair ceann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Conas a chuaigh an tUachtarán Harry Truman i ngleic le fadhbanna sa bhaile agus thar lear?
2. Conas a d'fhorbair an cogadh i Vítneam le linn uachtaránacht Lyndon Johnson, 1963-1968?
3. Cad iad na modhanna a d'úsáid Billy Graham le reiligiún a chur chun cinn i Meiriceá na nua-aoise?
4. Cad iad na bealaí inar cháin Norman Mailer agus/nó Betty Friedan gnéithe de shaol Mheiriceá?

**LEATHANACH  
BÁN**

**LEATHANACH  
BÁN**